

## Beartas Bainistíochta Airgid Thirim do Scoileanna, Coláistí agus Ionaid

Leagan: 4 /10.2023

An dáta a dhaingnigh Foireann Ardbainistíochta BOOÁCDL é: 9ú Deireadh Fómhair 2023

An dáta a nótáil Bord Bainistíochta BOOÁCDL é: 16ú Deireadh Fómhair 2023

Síniú: Lorraine Murphy (CEO)

Uaslódáilte ar shuíomh inlín BOOÁCDL TÁ / NÍL

Leaganacha Gaeilge agus Béarla uaslódáilte ar shuíomh gréasáin BOOÁCDL: TÁ / NÍL

Dáta athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025

Uimh. an Bheartais: PL/022	Uimhir an Leagáin 4 /10.2023
Leaganacha roimhe seo: v3/2022	Le hÉifeacht ón: 9ú Deireadh Fómhair 2023
Ceadú/Nótáilte ag an mBord: 16ú Deireadh Fómhair 2023	Dáta an Athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025

# Beartas Bainistíochta Airgid Thirim do Scoileanna, Coláistí agus Ionaid

## TREOIRLÍNTE AGUS NÓSANNA IMEACHTA

Cuireann an modúl Bainistíochta Banc agus Airgid, Clár Seiceanna agus Imréiteach Bainc, córas ar fáil do gach ionad/scoil chun gach seic/íocaíocht chárta, íocaíocht airgid thirim, lóisteáil agus aistriú isteach i gcuntas bainc BOOÁCDL le AIB a bhainistiú, i ndáil leis an aon chuntas bainc áitiúil amháin atá acu.

Cuimsítear sa mhodúl dhá réimse ar leith:

- (i) An Clár Seiceanna
- (ii) Imréiteach Bainc

Is féidir an Clár Seiceanna a úsáid chun gach seic atá eisithe ag ionaid/scoileanna a thaifeadadh ar líne. Ní féidir seicean na aisghabháil ach amháin seiceanna briste atá le feiceáil ar an ráiteas bainc. Tá ar chumas úsáideoirí míreanna a roghnú ón gClár Seiceanna agus iad a áireamh san Imréiteach Bainc.

Is é atá i gceist leis an Imréiteach Bainc ná na sonraí bainc agus airgid thirim uile a thabhairt chun críche, ar aon leis na sonraí uile a bhaineann leis an aisfoc. Is gó na hadmhálacha bainteacha uile a choinneáil agus a chomhdú i láthair áitiúil agus beidh siad faoi réir iniúchadh leanúnach. Is gó an ráiteas bainc a cheangal le gach éileamh.

De réir rialúcháin atá i bhfeidhm, is gó na ríomhanna uile a bheith ag teacht lena bhfuil sa chúlchnap. Mura ndéantar amhlaidh, ní bheifear in ann éileamh a phróiseáil.

Is é cuspóir chuntas bainc an ionaid/na scoile ná tacú leis an gComhordaitheoir/Bainisteoir/Príomhoide maidir le haon chaiteachas laethúil ar gó é a ioc amach láithreach. Cumraitear gach Comhordaitheoir/Bainisteoir/Príomhoide agus sanntar cód agus cúlchnap dó ná di. Oibrítear an cúlchnap sin trí chuntas bainc ar gó é a chur ar bun mar **chuntas gnó** a bhfuil beirt ar a laghad ina sínitheoirí air. Cuirtear an t-aisfoc i gcrích tríd an leathanach lamairne ar an aip ghréasáin DCS, ionas go mbeifear in ann imréiteach bainc a iontráil mar thionscnóir. Féach an nasc thíos:

[https://www.dcsnet.ie/weblogin/ApacheAuthTicket/?back=https%3a%2f%2fwww.dcsnet.ie%2fP2pDdlEtb\\_pin](https://www.dcsnet.ie/weblogin/ApacheAuthTicket/?back=https%3a%2f%2fwww.dcsnet.ie%2fP2pDdlEtb_pin)

Áirítear sa Chláir Seiceanna sonraí faoi na seiceanna ar fad atá scríofa, agus a luaithe a sheachadtar na seiceanna sa bhanc, is féidir iad a aistriú isteach san Imréiteach Bainc.

Is é an Comhordaitheoir/Bainisteoir/Príomhoide amháin atá freagrach as an gcuntas seo.

Níor chóir aon íocaíochtaí rialta a dhéanamh ón gcuntas – ba chóir an soláthraí a shocrú suas ar P2P agus a ioc dá réir.

Ní mór do shealbhóirí buiséid iad féin a chur ar an eolas faoi Bheartas Soláthair BOOÁCDL agus ní mór dóibh cloí leis. Tá an polasaí ar fáil ar shuíomh idirlín BOOÁCDL. Déan teagmháil leis an Rannóg Soláthair le tuilleadh sonraí a fháil.

I gcás go bhfuil íocaíochtaí ann a dhéantar ar bhonn leanúnach, ní mór an soláthraí a chumrú in FIDO agus a ioc dá réir.

Má fhágann duine de na sínitheoirí an t-ionad/scoil, is é an Bainisteoir/Príomhoide atá freagrach as é sin a thabhairt le fios don bhanc agus na nósanna imeachta riachtanacha a chur i bhfeidhm chun an sínitheoir nua don chuntas seo a chumrú.

Is gá an t-airgead uile atá faigte, beag beann ar fhoinsé ná cuspóir an airgid sin, a chur i dtaisce i gcuntas bainc an ionaid/na scoile agus a aistriú ansin chuig cuntas bainc AIB BOOÁCDL. I gcás go bhfuiltear tar éis seiceanna a dhéanamh infiúchta leis an ionad/scoil, a luithe a ghlantar na seiceanna, is gá iad sin a aistriú freisin chuig cuntas bainc AIB BOOÁCDL.

**Ní féidir aon chuntas bainc a choinneáil go háitiúil ach amháin cuntas bainc an ionaid/na scoile.**

## Rialacha an Chuntais Scoile/Colaiste/Ionaid

1. Is gá iarratais ar aisíoc ón gCeannoifig a thabhairt chun críche ar líne tríd an gcóras Imréitigh Bainc.
2. (a) Is féidir an cuntas bainc a úsáid le haghaidh costais laethúla neamh-athfhillteacha. Ní ceart é a úsáid chun íoc as míreanna a fhaightear de ghnáth trí ordú oifigiúil.
  - (b) Ní ceart íocaíochtaí a eisiúint ón gcuntas seo do chliaint i gcás go mbeadh impleachtaí cánach ann, mar shampla, (i) Cáin Foirgníochta (RCT), (ii) Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla (PSWT) nó (iii) Cáin Breisluacha (CBL).
  - (c) Ar an gcaoi chéanna, ní ceart íocaíochtaí a dhéanamh le fostaithe má tá íocaíocht ÍMAT agus/nó ÁSPC bainteach leis an scéal. Cuireann sé seo aisíocaíochtaí ar chaiteachas beag ó mhionairgead tirim as an áireamh.
  - (d) Níor chóir íocaíochtaí a dhéanamh le daoine aonair, m.sh. aoichainteoirí.
  - (e) Anuas air sin, ní cóir íocaíochtaí i dtaca le Taisteal agus Cothú a foc ón gcuntas seo.
  - (f) Ní mór gach íocaíocht airgid thirim a thaifeadadh ar admháil réamh-uimhrithe. Tá leabhair admhálacha Imréitigh Bainc le fáil ón gCeannoifig (Státhchiste).
3. Is gá an cúlchnap a oibriú trí chuntas bainc gnó in ainm an ionaid/na scoile, mar shampla, Cuntas Scoile Choláiste Pobail Bhaile Brígin.
4. Ní mór an cuntas bainc a réiteach ar bhonn míosúil agus a chur faoi bhráid na Rannóige Cistíochta lena athbhreithniú faoi lár na míosa dá éis sin.
5. Ní mór airgead ó aon fhoinsé eile a aistriú chuig an gCeannoifig ar bhonn tráthúil. Ní ceadmhach airgead dá shórt a choinneáil i gcuntas bainc an ionaid/na scoile. Cuir an Rannóg Cistíochta ar an eolas agus airgead á aistriú chuig an gcuntas agus cuir notaí tráchtá abhartha ar an lóisteáil chomh maith ionas gur féidir lóisteálacha a shainaithinn go héasca.
6. Is gá beirt shínitheoirí ar a laghad a bheith ar an gcuntas, cé nach dteastaíonn ach síniú amháin ar sheic.
7. Ní ceart aon Chártaí Creidmheasa a oibriú ar chuntas bainc na scoile.
8. Níl ceart go gcuirí aon dochar díreach ar bun ar chuntas bainc na scoile ach amháin má bhaineann sé le táillí bainc.
9. Is féidir le cártá dochair amháin a bheith i bhfeidhm. Ní mór an cártá a choinneáil sa sábháilte nuair nach bhfuil sé in úsáid. Ní mór rochtain ar an gcárta a theorannú do bhaill foirne/bhainistíochta ceadaithe amháin. Ní mór cead sealbhóirí cártá a lorg sula n-úsáidtear cártá. Ní mór taifead a choinneáil ar a úsáid.
10. Tá sé ceadaithe íocaíochtaí a dhéanamh trí Ríomhaistriú Airgid. Caithfidh beirta bheith páirteach sa phróiseas seo. Féadfaidh an Rúnaí sonraí a chur isteach ar an gcóras baincéireachta ar líne agus ní mór don Príomhoide an t-aistriú a cheadú.
11. Is gá imréiteach bainc comhlánaithe agus ráiteas bainc scanta a sheoladh isteach in éineacht le gach éileamh.
12. Is gá go mbeadh an t-iarmhéid tosaigh agus an t-iarmhéid deiridh ar an ráiteas bainc ag teacht leis an imréiteach bainc comhlánaithe ar líne. Mura bhfuil, diúltófar dó.

13. Ní féidir aon suim a athsholáthar ach amháin suim a bhfuil taifead ann ina leith gur caitheadh í. Ní féidir aon seiceanna a éileamh ach amháin an lín seiceanna a briseadh.
14. De réir rialúchán atá i bhfeidhm, is gá na ríomhanna uile a bheith ag teacht lena bhfuil sa chúlchnap.
15. Ní thabharfaidh an córas cead imréiteach bainc a sheoladh gan an ráiteas bainc a bheith ceangailte leis.
16. An té a thugann an t-imréiteach bainc chun críche, ní féidir leis ná léi an t-éileamh a cheadú. Is gá go gcuirfí an téileamh ar aghaidh chuig duine eile, mar atá, an Comhordaitheoir/Bainisteoir/Príomhoide, lena cheadú.
17. Ní mór gach íocaíocht atá liostaithe ar an imréiteach bainc a chódú i gceart.
18. Déanfar gach scoil/ionad a iniúchadh go tréimhsíúil i rith na bliana. Ba cheart bunchóipeanna uile na ndoiciméad bunaidh, mar shampla, ráitis bhainc, dearbhán réamh-uimhrithe agus admhálacha, a choinneáil go háitiúil agus a chur ar fáil má theastaíonn siad chun críche iniúchóireachta.
19. A luaithe a cheadaíonn an Comhordaitheoir/Bainisteoir/Príomhoide an t-éileamh tríd an gcóras FIDO tar éis do a bheith seolta isteach, déanfar an cúlchnap a athsholáthar sa chéad rith creidiúnaithe eile.
20. Ní ceart go sáródh íocaíochtaí aonair €400.00. Tá cead íocaíochtaí aon uaire a dhéanamh áit ar gá, ach ní ceart amhlaidh a dhéanamh ach amháin i gcásanna thar a bheith eisceachtúil. Ní mór ceadú a lorg ón Rannóg Cistíochta – cuir r-phost ón Rannóg Cistíochta ina gceadaítear idirbhearta san áireamh nuair atá éileamh ar réiteach bainc á chur isteach.
21. Ní ceart airgead tirim a ioc amach gan admháil. Ní mór an bosca airgid thirim a choinneáil i dtimpeallacht shlán shábháilte. Chuige sin, ba cheart saoráidí amhail taisceadán a bheith ar fáil i ngach scoil/ionad. Is riachtanas árachais é saoráidí taisceadáin a bheith ann. Bí cinnte nach bhfuil an teorainn airgead thirim atá ceadaithe ag d'árachór á sárú agat.  
Ní ceart rótharraingt a bheith ar chuntais bhainc in aon chuíinse.

## 22. LE COINNEÁIL AG AN IONAD/SCOIL:

Is gá go gcoimeádfál san ionad/scoil cóipeanna de dhearbhán réamh-uimhrithe agus admhálacha bunaidh a d'eisigh BOOÁCDL. Ba cheart iad a cheangal de chóip na hachomhre imréitigh bainc arna giniúint ag an gceadaitheoir, mar aon leis na ráitis bhainc ábhartha ar bhonn míosa/coicíse, agus ba cheart iad a chomhdú dá réir – ord míosa agus bliana.

Ní mór cur síos ar na míreanna ceannaithe a scríobh ar an dearbhán airgid thirim mura bhfuil sin liostaithe cheana ar an admháil/na hadmhálacha.

Ní mór admháil bhunaidh ina léirítear méid an chostais, dáta an idirbhirt agus cur síos ar na hearraí a bheith ceangailte den dearbhán.

Is gá don cheannaitheoir gach dearbhán a shíniú. Caithfidh an Príomhoide/Bainisteoir gach dearbhán a chomhshíniú nó a (h)inisealacha a chur leis.

De réir mar a éilíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, is gá do gach scoil/ionad sonraí maidir le caiteachas bhanc na scoile a choimeád ar feadh thréimhse sé bliana ar a laghad chun críche iniúchóireachta. Má bhaineann an caiteachas le cláir Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF), áfach, ba cheart na sonraí a choinneáil ar feadh 13 bhliain ar a laghad.



